# Babhta

# BLOC 2027

# Dáta Deiridh d'Iarratais: 12:00, an 20 Deireadh Fómhair 2026

Fáilteoidh TG4 roimh iarratais ó earnáil na léiriúchán neamhspleách chun réimse leathan d'ábhar neamhlíneach a léiriú d'ardáin éagsúla ar an mol sóisialta BLOC TG4.

Tá dhá ollsoláthar ar leith á dtairiscint ag TG4 do BHLOC 27 - 28: Ceann do Instagram agus ceann eile do TikTok.

## Fís Eagarthóireachta

Tá BLOC ag lorg ábhar gearrfhoirme úr, tráthúil agus barántúil le haghaidh Instagram agus TikTok a théann i bhfeidhm ar Gen Z ar bhealach cliste, greannmhar agus comhaimseartha, agus a bhfuil Súil Eile TG4 lárnach ina chur chuige.

Ba cheart don ábhar a bheith dírithe ar chomhráite cultúir, treochtaí, cultúr ar líne agus ceisteanna sóisialta de réir mar a thagann siad chun cinn. Táimid ag lorg smaointe a bhfuil dearcadh soiléir iontu, a spreagann comhrá, gáire nó machnamh agus a mbeidh fonn mór ar dhaoine iad a roinnt ar na meáin shóisialta.

Tá an Ghaeltacht agus cultúr comhaimseartha na Gaeilge i gcroílár na físe seo. Ba mhaith linn scéalta agus pearsantachtaí a chur i láthair ar bhealach nádúrtha agus nua-aimseartha, a dhéanann ionadaíocht ar phobail, ar áiteanna agus ar eispéiris éagsúla a bhaineann le saol na Gaeilge.

**Pobal BLOC**

Tá pobal BLOC cliste, bródúil as an teanga agus as an gcultúr, agus caitheann siad go leor ama ar na meáin shóisialta ag leanúint treochtaí, tionchairí agus cúrsaí reatha. Cé gur ábhar siamsúil, greannmhar, dána agus drámatúil is mó a mheallann iad, tá suim acu freisin in ábhar a bhaineann leis an ngrá, le féiniúlacht, leis an meabhairshláinte, le caidreamh agus le hairgead. Cé nach mbíonn siad ag lorg nuachta ná ag féachaint ar an Nuacht ar an mbealach traidisiúnta, tá suim acu in ábhar nuachta a bhaineann lena saol féin agus lena dtodhchaí. Tá deis ag BLOC mar sin an cineál sin ábhair a chur ar fáil ar bhealach atá oiriúnach dóibh.

**Cén Áit?**

Beidh an t-ábhar seo le cur ar Instagram agus ar TikTok.
Is ardáin bheo bheathacha iad ardáin BLOC agus beidh an t-ábhar seo le cruthú do na hardáin éagsúla ar bhonn leanúnach; go laethúil, go seachtainiúil agus go míosúil.

## Céard atá uainn?

**<u>Ollsoláthar 1:</u> Instagram – €140,000 an Buiséad Uasta**

144 Insta Reel @1’30” x 3 sa tseachtain
48 Insta Carousel (6-8 mír ) x 1 sa tseachtain
48 Insta Reel @30”  x 1 sa tseachtain
12 Insta Takeover (10 -15 mír) x 1 sa mhí
12 Insta Story  (10- 15 mír) x 1 sa mhí
12 60” doc x 1 sa mhí

**Reels**
Is iad na Reels príomhfhormáid Instagram d’fhíseáin ghearra agus shiamsúla, idir Vox Pops, GRWM, agallaimh, POVanna agus próifílí spéisiúla mar shampla. Caithfidh an scéal, agus téama an scéil, aird an lucht féachana a tharraingt ar an bpointe chun go n-éireoidh go maith leo seo. Ba cheart an t-ábhar a chruthú ar fhóin ardchaighdeáin, agus úsáid chruthaitheach a bhaint as grafaicí agus as an eagarthóireacht atá oiriúnach don ardán. Táimid ag lorg ábhair a spreagann mothúcháin cosúil le háthas, fiosracht, inspioráid agus spraoi, agus a spreagann daoine chun féachaint ar an ábhar, é a roinnt agus páirt a ghlacadh ann.

**Carousel**
Postáil ina mbaintear úsáid as meascán de ghrianghraif, físeáin, grafaicí agus téacs chun scéal a insint thar 6 go 8 sleamhnán é Carousel ar Instagram. Ní mór don chéad sleamhnán aird an lucht féachana a tharraingt láithreach agus an stíl chéanna a bheith in úsáid sa phostáil go léir. Ba cheart an t-ábhar a bheith soiléir, gearr agus ábhartha agus íomhánna ar ardchaighdeán agus téacs a bheith leis a thacaíonn leis an scéal.
Is minic úsáid á baint as Canva chun an t-ábhar seo a chruthú.

**Reel 30”**
Táimid ag lorg daoine a thuigeann an pobal agus an cultúr ón taobh istigh agus atá ábalta greann barántúil a chur os comhair lucht féachana níos leithne. Bíonn an t-ábhar seo bunaithe de ghnáth ar threochtaí nó ar mhórscéalta atá ag teacht chun cinn ar líne, agus ní mór mar sin é a chruthú

agus a fhoilsiú go tapa. Táimid ag iarraidh comhoibriú le cruthaitheoirí óga, go háirithe cruthaitheoirí ógá ón nGaeltacht, chun ardán a thabhairt dá nguth, dá bpearsantacht agus dá gcuid tallainne.

**Insta Takeover agus Insta Story**

Is gné thábhachtach de Instagram iad na Stories, go háirithe i dtaobh ábhar 'takeover', clúdach imeachtaí agus FOMO a chruthú. Cruthaíonn siad deiseanna chun idirghníomhú leis an lucht féachana trí phobalbhreitheanna, cluichí agus gnéithe eile den aip. 10 go 15 mhír a bhíonn i gceist de ghnáth a bhfuil stíl chomhsheasmhach leo agus a léiríonn branda BLOC. Is formáid scéalaíochta ghearrthréimhse iad a mhaireann 24 uair an chloig atá oiriúnach do théamaí ar nós DIY, GRWM nó Tráth na gCeist!

**60" Docs**

Is scéalta faisnéise gearra 60 soicind iad na 60" Docs a dhíríonn ar dhuine, áit nó smaoineamh amháin. Caithfidh siad fiosracht a spreagadh agus aird an lucht féachana a mhealladh ó thús deireadh.

Ní gá gach rud a mhíniú. Is é an rud is tábhachtaí ná scéal láidir a insint ar bhealach simplí agus éifeachtach, agus íomhánna agus fuaim a bheith ina gcuid lárnach den scéalaíocht. Is féidir iad a dhéanamh ar iPhone nó ar cheamara gairmiúil, ag brath ar an scéal agus ar an stíl. Beidh muid ag lorg scéalta daoine óga don tsraith seo.

Féach ar Chuntas Instagam BLOC anseo https://www.instagram.com/bloc_tg4/

**<u>Ollsoláthar 2:</u>** **TikTok – €85,000 an Buiséad Uasta**

480 TikTok sa bhliain 10" – 1'30" 10 sa tseachtain

Is físeáin ghearra iad TikToks atá dírithe ar ghreann, scéalaíocht agus treochtaí an lae. Táimid ag lorg ábhar barántúil agus cruthaitheacha ó dhaoine faoi 25 bliain d'aois, go háirithe ó réigiúin Ghaeltachta.

Ba mhaith linn tacú le tallann óg na Gaeltachta agus ardán a thabhairt do chruthaitheoirí nua chun a gcuid smaointe, a bpearsantachtaí agus a nguthanna féin a roinnt. Táimid ag lorg ábhar spraíúil, ábhartha agus tarraingteach a oireann go nádúrtha do TikTok agus do lucht féachana óg.

Féach ar Chuntas TikTok BLOC anseo https://www.tiktok.com/@bloc_tg4

**Ba cheart na nithe seo a leanas a bheith san áireamh san iarratas:**

- Beidh an buiséad bunaithe ar an méid ábhair a bheidh á sheachadadh. Cuirfear treoir iomlán don bhuiséad agus teimpléad buiséid ar fáil do chomhlachtaí a chláraíonn a gcuid spéise le Róisín Ní Thuairisg.
- Plean sceidil/léirithe. Is gá do chomhlachtaí a bheith solúbtha agus ábalta ábhar a sheachadadh go tapa chun coinneáil suas leis na treochtaí agus beidh muid á lorg seo mar chuid den plean léirithe.
- Moltaí le haghaidh ábhair agus téamaí do na hardáin éagsúla agus an cur chuige cruthaitheach.
- Eolas faoin bpríomhfhoireann/criú cruthaitheach a bheidh ag obair ar an togra.
- Moltaí maidir leis an daoine cumasacha/rannpháirtithe a bheidh le feiceáil ar an scáileán de réir mar is cuí nó maidir leis na tionchairí atá ag cruthú ábhair cheana féin i nGaeilge ach nach bhfuil feicthe ar BLOC go dtí seo.
- Samplaí ó bhrandaí eile a bheadh ina n-ábhar inspioráide.

**Nótaí Eile:**

- D'fhéadfadh TG4 ábhar a lorg i bhformáidí eile sa chás go dtiocfadh gnéithe nua, ardáin nua, nó treochtaí nua chun cinn a bhfuil spéis ag an aoisghrúpa seo iontu.
- Beidh brandáil BLOC le cur ar ábhar faoin soláthar seo.
- Beidh an t-ábhar seo le seachadadh ar chóras TG4 ag na comhlachtaí agus beidh an t-ábhar á roinnt go hinmheánach ar na hardáin éagsúla ag BLOC.
- Bheadh sé i gceist an t-ábhar seo a léiriú, a sheachadadh agus a dháileadh thar thréimhse bliana idir Eanáir 2027 agus Eanáir 2028.
- Is féidir ceisteanna a chur ar aghaidh nó plé tosaigh a eagrú ach teagmháil a dhéanamh le: roisin.ni.thuairisg@tg4.ie.

**Eolas Eile d'Iarrthóirí**

Ní mór do chomhlachtaí léiriúcháin a chinntiú ar dtús go bhfuil siad cláraithe ar ár gcóras eCoimisiúin https://ecoimisiuin.tg4.ie/

Ní mór gach togra a chur ar aghaidh go leictreonach chuig TG4 tríd an gcóras eCoimisiúin.

Ní mór iarratais a uaslódáil roimh an spriocam agus iad a chur ar aghaidh trí '**BLOC 2027'** a roghnú ón roghchlár anuas. Cuirfear in iúl duit, go huathoibríoch, nuair a bheidh do thogra curtha ar aghaidh. Ní ghlacfar le tograí nuair a bheidh an spriocdháta deiridh molta caite.

Is féidir ceist ar bith faoin mbabhta seo agus faoi oiriúnacht an tionscadail a sheoladh chuig roisin.ni.thuairisg@tg4.ie.

Beidh cearta saoil trasardáin ar fud an domhain ag TG4 ar an ábhar seo

*Glacfar le hiarratas ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir na hoibleagáidí reachtúla iomchuí uile.*

*Níl dualgas ar TG4 glacadh leis an iarratas is ísle i bpraghas, ná le haon iarratas.*

*Caithfear a bheith cláraithe mar Chuideachta Theoranta.*

*Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach a bheith agat ó na Coimisinéirí Ioncaim.*

*An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Cuirtear iarrthóirí ar an eolas gur ceadmhach eolas a sholáthraítear a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir d'iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis go bhfuil an fhaisnéis sin íogair a lua. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh dualgas ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú más dóigh leis an iarrthóir gur faisnéis íogair í agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.*

*Ní ann d'aon chineál ceangail – conradh ná aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.*